Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# CFL1 & CFL2 ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach

## Cnuasimeacht Foghlaim Ghairmiúil Scoileanna Príomhshrutha 2025/26

Ceannairí agus Múinteoirí Iar-bhunscoile

CC BY NC

# Liosta Seachadta CFL1 & CFL2



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sóisearaí

## Seisiúin Eolais ar Líne

- Beidh  Seisiúin Eolais ar líne gach téarma i dtaobh CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sóisearaí dóibh siúd atá ag tosú ar na cláir i mbliana.
- Díreoidh an cheardlann seo ar Chláir Foghlama Phearsanta a phleanáil do scoláirí ag a bhfuil RSO sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach.

## Tacaíocht Inscoile

- Soláthraíonn Oide tacaíocht inscoile curtha i gcomhthéacs i réimsí éagsúla tosaíochta, lena n-áirítear CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sóisearaí.
- Déanann scoileanna iarratas ar an tacaíocht seo trí thairseach thacaíochta Oide.

# CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sinsearaí

| | |
|---|---|
| **Seisiúin Eolais ar Líne** | • Beidh seisiúin eolais ar líne ar siúl maidir le CFL1anna agus CFL2nna na Sraithe Sinsearaí do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí atá ag tosú ar na cláir i mbliana. |
| **Seimineár Gréasáin** | • Táimid ag tairiscint foghlaim ghairmiúil CFL1 & CFL2 na Sraithe Sinsearaí do scoileanna príomhshrutha trí sheimineár gréasáin beo. |
| **Cnuaslá na nÁbhar** | • Is féidir le múinteoirí freastal ar shaincheardlann do cheannairí scoile agus múinteoirí ó ranganna speisialta agus baill den chroífhoireann RSO.<br>• Díreoidh an cheardlann seo ar chláir foghlama aonair a phleanáil do scoláirí a bhfuil RSO acu sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach. |
| **Tacaíocht in-scoile** | • Cuireann Oide tacaíocht inscoile curtha i gcomhthéacs ar fáil i réimsí tosaíochta éagsúla, lena n-áirítear CFL1 agus CFL2 na Sraithe Sinsearaí.<br>• Déanann scoileanna iarratas ar an tacaíocht seo trí thairseach thacaíochta Oide. |

# Tacaíocht Oideachas Cuimsitheach –Pleanáil Gníomhaíochta DEIS le haghaidh Feabhsúcháin

Tacaíocht Ghinearálta – cuairt tacaíocht shaincheaptha amháin


Tacaíocht Leanúnach – trí chuairt, ag tairiscint rannpháirtíocht níos doimhne agus leanúnachas le himeacht ama



# Tacaíocht don Oideachas Cuimsitheach – Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí

Tacaíocht Ghinearálta – cuairt tacaíocht shaincheaptha amháin

Tacaíocht Leanúnach – trí chuairt, ag tairiscint rannpháirtíocht níos doimhne agus leanúnachas le himeacht ama



# Forléargas an Lae Inniu

Oide

- Seisiún 1: 9.15r.n. – 10.00r.n. Uasdátuithe ar Chláir na Sraithe Sóisearaí Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó
- Seisiún 2: 10:00r.n. – 11.00r.n. An Idirbhliain
- Am Sosa 11.00r.n. – 11.20r.n.

Break

- Seisiún 2: 11.20r.n. – 1.00i.n. An Idirbhliain agus Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Clár Foghlama Leibhéal 2
- Lón 1.00i.n. – 2.00i.n.

Lunch

- Seisiún 3: 2.00i.n. – 3.45i.n. Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Clár Foghlama Leibhéal 2

# Do Chuid Foghlama, Do Bhealach Féin

Oide

- Roghanna rannpháirtíochta ilmhódacha - scríofa, fuaime, amhairc
- Déantar freastal ar gach stíl rannpháirtíochta; scríobh, bogadh, labhairt srl
- Cuirtear rogha agus solúbthacht ar fáil sna gníomhaíochtaí. Roghnaigh ó: duine aonair, péirí, grúpaí beaga, srl
- Léirítear meas ar phríobháideachas daoine eile...

**Solúbhacht**

**Roghanna**

**Breithnigh**

Má tá aon rud is féidir linn a dhéanamh chun d'eispéireas de cheardlann an lae inniu a fheabhsú, cuir sin in iúl dúinn go príobháideach le do thoil




Bíodh meas agat ar cheart gach duine chun príobháideachais

Ná pléitear scoláirí aonair

# Suíomh gréasáin Oide Oideachas Ionchuimsitheach CFL1 CFL2

Oide

Cláir foghlama na sraithe sóisearaí L1L2




Oide.ie

↓

Barra roghchláir- Iar bhunscoil

↓

Oideachas Ionchuimsitheach

Cláir foghlama na sraithe sinsearaí L1L2




← Cliceáil chun tuilleadh eolais a fháil

→ Cliceáil chun tuilleadh eolais a fháil

# Suíomh gréasáin Oide Oideachas Ionchuimsitheach CFL1 CFL2

Oide

**Scoileanna: Iarratais/ Cuir in áirithe**

Bunscoile: Suíomh Clárúcháin Scoileanna Oide

Book Here

Iar-bhunscoile: Suíomh Clárúcháin Scoileanna Oide

Book Here

Tacaíocht Bunscoile sa Scoil

Apply Here

Tacaíocht Iar-bhunscoile in Scoile


Apply Here


**Múinteoirí: Iarratas chur isteach/ Áit a chur in áirithe anois**

Imeacht a chur in áirithe

Iarratais/Cuir in áirithe


# Suíomh gréasáin Oide Oideachas Ionchuimsitheach CFL1 CFL2




# Oide Website Inclusive Education L1LP L2LP





Junior Cycle Resources Above

Senior Cycle Resources Above




# Príomhfhoghlaim

- Na scoláirí ar féidir go rachaidh siad i ngleic le Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí a aithint

- Uasdátuithe Beartaithe ar an tSraith Shóisearach



# Cárta Machnaimh



**Cárta Machnaimh**

Uirlis machnaimh le do chuid foghlaim ghairmiúil

Topaic / Fócas:

Príomhsmaointe / Léargas
(Cad a sheas amach? Cad a d'fhoghlaim tú?)

Bain triail as amárach
(Cad é an t-aon rud amháin a chuirfidh tú i gcrích i do sheomra ranga?):

Pras Machnaimh

(Tar éis triail a bhaint as: Cad a tharla? Cad a choinneofá? Cad a n-athrófá?):

- Gheobhaidh tú cárta machnaimh ar do dheasc.
- Ná bíodh drogall ort ceann a úsáid agus muid ag dul trí imeachtaí an lae.
- Cuirfimid am ar fáil chun iad seo a chomhlánú níos déanaí inniu.

Oide


Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cláir Phearsanaithe na Sraithe Sóisearaí

Oide

- Ar dtuiscint ar sholúbhacht na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt.
- Iniúchadh ar phróiseas pleanála clár foghlama aonair & spriocdhírithe sa tSraith Shóisearach
- An leanúntas tacaíochta a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm in oiriúint do riachtanais an scoláire ar an dóigh is fearr




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ár gcuid scoileanna

Cad iad na roghanna curaclam atá á thairiscint i do scoil ag an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach?

Cad é atá ag obair go maith?



# CFL1 & CFL2 na Sraithe Sóisearaigh : Cad é a bhféadfadh scoláire tabhairt faoi?

Oide

**CFL1: Cad é a bhféadfadh scoláire tabhairt faoi?**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6 Aonad Foghlama Tosaíochta (ATFanna) | 2 Ghearrchúrsa (Léibheál 1 &2) | Clár Folláine | Spriocanna Foghlama Aonair | Réimsí Eile Foghlama |

**CFL2: Cad é a bhféadfadh scoláire tabhairt faoi?**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 Aonad Foghlama Tosaíochta (ATFanna) | 2 Ghearrchúrsa<br>Léibheál 1, 2 or 3 | Ábhair Leibhéal 3<br>MRBnna Ábhair Leibhéal 3 | Clár Folláine | Spriocanna Foghlama Aonair | Réimsí Eile Foghlama |

Bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais an scoláire aonair mar a aithníodh sa Chomhad Tacaíochta do Scoláirí

*Ciorclán 0028/2023 & 0016/2020

# Uasdátuithe Beartaithe ar CFL1 agus CFL2 na Sraithe Sóisearaí

- Ráiteas Cláir na Sraithe Sóisearaí Nua

- ATF Uasdátaithe ag Leibhéal 2 Ag Ullmhú don Obair ag athrú go Scileanna don Saol




# Príomhfhoghlaim

- **Feabhas a chur ar ár dtuiscint ar sholúbthacht chlár na hidirbhliana**
- An próiseas a bhreithniú chun clár pearsantaithe Idirbhliana a phleanáil
- Feabhas a chur ar ár dtuiscint ar struchtúr CFL1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SSins.) agus CFL2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SSins.)



# Clár na hIdirbhliana




Ráiteas chlár na hIdirbhliana lch10

Mar chlár neamhspleách laistigh d'eispéireas na sraithe sinsearaí... Is clár roghnach bliana é an Idirbhliain atá ar fáil do gach iar-bhunscoil.

Ráiteas chlár na hIdirbhliana lch 8

# Rochtain ar Chlár na hIdirbhliana

*“Bíonn neamhspleáchas ag scoileanna clár a dhearadh don IB atá oiriúnaithe go sainiúil do chultúr, féiniúlacht agus comhthéacs na scoile agus iad ar a ndícheall a bheith ag obair ar bhealaí samhlaíocha cruthaitheacha in éineacht le pobal na scoile chun na haidhmeanna a bhaint amach agus lena chur ar chumas gach scoláire forbairt a dhéanamh thar gach ceann de cheithre Gnéithe an Scoláire.”*



Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, lch 16

# Smaoinigh- Péireáil- Roinn- Ár gCuid Scoláirí

Oide

- Breac síos buntáiste amháin a bhain le do scoláire/scoláirí a bheith páirteach san Idirbhliain
- Cérbh í fhianaise an bhuntáiste sin?
- Cén tionchar buan a bhí aige ar an scoláire/ na scoláirí?



# Cead isteach san Idirbhliain....

Oide

**Cumarsáid**

- Forléargas tráthúil agus soiléir ar an gclár
- Critéir iontrála agus oiriúntais

**Ardú Céime**

- Guth an scoláire ar thaithí na hIdirbhliana ón am atá thart
- Cultúr cuimsitheachta na scoile

**Ullmhúchán agus Ionchas**

- Ionchais arda a leagan síos don scoláire i gcomhairle le tuismitheoirí agus le baill foirne. An scoláire a ullmhú do chlár na hIdirbhliana

Ráiteas chlár na hidirbhliana lch.21,29

# Breithnithe maidir le hIontráil



- Cad iad na bacainní a bhíonn ar scoláirí a bhfuil RSO acu maidir le cead isteach i gclár na hIdirbhliana?
- Conas is féidir linn tacú le scoláirí na bacainní sin a shárú?



# Am Sosa



# Príomhfhoghlaim

Oide

- Feabhas a chur ar ár dtuiscint ar sholúbthacht chlár na hidirbhliana
- **An próiseas a bhreithniú chun clár pearsantaithe Idirbhliana a phleanáil**
- Feabhas a chur ar ár dtuiscint ar struchtúr CFL1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SSins.) agus CFL2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SSins.)




# Cláir Phearsantaithe na hIdirbhliana

Oide

- Cá bhfuil an scoláire ar an gcontanam tacaíochta?
- Cén clár den tsraith shóisearach a raibh siad ag plé leis?
- An bhfuil a láidreachtaí, a riachtanais agus a gcumas sainaitheanta againn?
- Cad iad na hidirghabhálacha ar éirigh leo sa tSraith Shóisearach? Cén fáth?
- An bhfuil riachtanais foghlama tosaíochta an scoláire sainaitheanta againn?
- Ar chomhoibrigh muid leis na scoláirí agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir lena n-ionchais?
- Ar úsáid muid an Comhad Tacaíochta do Scoláirí chun bonn eolais agus a fianaise a chur faoin bpróiséas seo?


**IS FÉIDIR LOGO NA SCOILE A CHUR ANSEO**

| COMHAD AN SCOLÁIRE UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA | |
|---|---|
| Ainm an Scoláire | |
| Dáta Breithe | |
| Scoil | |
| An Dáta a Osclaíodh an Comhad | |
| An Dáta a Dúnadh an Comhad | |




Leanúntas Tacaíochta

# Próiseas 4 Chéim








Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna Ag Tacú le Daoine Óga i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, lch 34

# Comhad Tacaíochta do Scoláirí

- *Soláthraíonn sé **próiseas** chun an t-eolas ar fad a bhaineann leis an duine óg a thaifeadadh agus a thiomsú.*
- *Is féidir **idirghabhálacha** a phleanáil a thagann lena láidreachtaí, á gcuid ábhar spéise agus a riachtanais shainaitheanta.*
- ***Éascaíonn** sé doiciméadú ar fhreagairt an duine óig ar idirghabháil.*
- ***Rianaíonn** sé cosán duine óg tríd an gContanam Tacaíochta agus treoraíonn sé cé na hidirghabhálacha fianaise-bhunaithe is oiriúnaí*

IS FÉIDIR LOGO NA SCOILE A CHUR ANSEO


| COMHAD AN SCOLÁIRE UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA | |
|---|---|
| Ainm an Scoláire | |
| Dáta Breithe | |
| Scoil | |
| An Dáta a Osclaíodh an Comhad | |
| An Dáta a Dúnadh an Comhad | |



Leanúntas Tacaíochta

Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna ag Tacú le Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Ranganna Príomhshrutha Ich.36

# Cur Chuige Comhoibríoch



# Rannpháirtíocht san Idirbhliain

## Eispéireas scoláirí

| Fás Pearsanta | A bheith i d'Fhoghlaimeoir | Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail | Taighde Gairme |
|---|---|---|---|
| • Corpoideachas<br>• OSPS<br>• Sainmhodúil na hIdirbhliana<br>• Eispéiris bhreise fáis m.sh.. aoichainteoirí, comórtais drámaí/ceoldrámaí | • Na croí-ábhair: Matamaitic, Béarla agus Gaeilge<br>• Ábhair Roghnacha: sampláil d'ábhair na sraithe sinsearaí<br>• Eispéiris foghlama bhreise m.sh.. scileanna staidéir, tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta<br>• Forbairt punainne | • Pobal Féin/socrúcháin shóisialta, gníomhaíochtaí fiontraíochta m.sh. socrúcháin iar-scoile<br>• Ár pobal domhanda, Deiseanna foghlama maidir le comhbhá, le hilchineálacht agus le hionchuimsiú<br>• Obair dheonach a dhéanamh i socrúchán sóisialta m.sh. Siopa carthanais<br>• Cultúr scoile a mhúnlú m.sh. seisiún eolais ar Ionchuimsiú | • Socrúchán oibre nó socrúchán pobail<br>• Gairmthreoir<br>• Eispéiris bhreise a bhaineann le gairm, m.sh. aoichainteoirí, blaschúrsaí i bprintíseachtaí/ tréimhsíoiliúna/ breisoideachas/ard oideachas |

Ráiteas chlár na hIdirbhliana lgh 18-19

# Rannpháirtíocht san Idirbhliain

## Gnéithe an churaclaim

**Codanna**

- Na modúil /gníomhaíochtaí /samplálacha ábhair éagsúla a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí ar fad

**Teagasc agus measúnú**

- Baineann múinteoirí na bacainní ar rannpháirtíocht iomlán sa rang / i ngníomhaíochtaí/ socrúcháin ag úsáid réimse straitéisí agus modheolaíochtaí atá oiriúnach don scoláire bunaithe ar láidreachtaí scoláirí

**Aithint agus tuairisciú**

- Cén chaoi a bhfuilimid ag aithint gnóthachtáil na scoláirí? Cén chaoi a bhfuilimid ag tuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí?

**Athnuachan agus machnamh**

- Clár a athbhreithniú le feiceáil ar bhain sé amach aidhm agus ionchais na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na múinteoirí chun freastal ar riachtanais gach scoláire

Ráiteas chlár na hidirbhliana lch.29

# Cén áit ar Féidir le Foghlaim Tarlú?



# Breithnithe maidir le Rannpháirtíocht

Oide

Cad iad na bacainní a bhíonn ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad ag tabhairt faoi Chlár na hIdirbhliana ina iomláine?

Conas is féidir linn tacú le scoláirí na bacainní sin a shárú?



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Bualadh le Oisín- Clár Phearsantaithe na hIdirbhliana

- Fuaimrian gearr de chás-staidéar ar scoláire atá ag gabháil do chlár pearsantaithe Idirbhliana .

Ba é an ghné den Idirbhliain is mó a raibh tionchar aige ar an scoláire ...


Rud amháin a chuir le heispéireas an scoláire san Idirbhliain ....

Rud amháin faoi eispéireas an scoláire a sheas amach dom ..



# Smaoinigh - Péireáil - Roinn

Oide




Rolfe et al. (2001) Samhail athmhachnaimh


# Príomhfhoghlaim


- Ár dtuiscint ar sholúbthacht Chlár na hIdirbhliana a fheabhsú
- An próiseas a bhreithniú chun clár pearsantaithe Idirbhliana a phleanáil
- **Ár dtuiscint a fhorbairt ar struchtúr CFL1 na Sraithe Sinsearaí (CFL1SSins.) agus CFL2 na Sraithe Sinsearaí (CFL2SSins.)**



# Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

- Ráiteas an Chláir
- Réimsí Curaclaim & Modúil











*Cláir phearsantaithe atá curtha in oiriúint do riachtanais foghlama aonair an scoláire*

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas an Chláir
lch.4

# Spriocghrúpaí





Cláir leantacha ón tSraith Shoisearach




## CFL1SSinsearach

- ‘Is mó an seans go mbeidh moill forbartha shuntasach ag baint leis ar fud roinnt réimsí, ina measc: scileanna foghlama, cumarsáide, teanga agus oiriúnaitheacha’
- Is minic a bhíonn roinnt riachtanas casta foghlama agus feidhmithe ag an ngrúpa scoláirí seo.




## CFL2SSinsearach

- A gcuireann a phróifíl chognaíoch bac air tabhairt faoi Chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB), faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) nó faoi Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).
- ‘Is mó an seans go mbeidh moill forbartha ag baint leis ar fud roinnt réimsí, ina measc: scileanna foghlama, cumarsáide, teanga, agus oiriúnaitheacha’

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas an Chláir lch 5

# Réimsí agus Modúil Curaclaim CFL1SSin.

Oide

| | |
|---|---|
| Uimhearthacht | • 4 mhodúl, 40 uair an chloig molta<br>• 160 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Cumarsáid agus Litearthacht | • 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 180 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Cúram Pearsanta | • 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 180 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Comhpháirteanna roghnacha | • 5 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 300 uair an chloig thar 2 bhliain |

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas Cláir lch.11

# Modúil Roghnacha Fhoilsithe Leibhéal 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| Corpoideachas | Ceol | Amharc-ealaín | Drámaíocht |
| A bheith mar chuid den phobal | Sainspéis | Aire a thabhairt do mo thimpeallacht | Cócaireacht |

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas Cláir, lch. 11

# Leibheal 1 An Contanam Dul chun Cinn

## Leibhéal 1 An Contanam Dul chun Cinn

| | |
|---|---|
| Freastal | Freastalaíonn an scoláire ar agus bíonn sé i láthair ag an ngníomhaíocht nó imeacht foghlama. |
| Aitheantas | Léiríonn an scoláire go bhfuil feasacht aige ar, nó go n-aithníonn sé gníomhaíocht/imeacht foghlama, ina measc sin, aird a dhíriú go tapa. |
| Aird | Tugann an scoláire aird ar an ngníomhaíocht/imeacht ach is féidir léi a bheith neamhleanúnach agus gairid, go minic. |
| Aithint | Tosaíonn an scoláire ag freagairt do, nó ag aithint, na gníomhaíochta/an imeachta foghlama, ar bhonn neamhleanúnach go minic, agus tagann an fhreagairt le cumas an scoláire. |
| Rannpháirtíocht | Tugann an scoláire aird ar ghníomhaíochtaí/imeachtaí foghlama ar bhonn níos leanúnaí. |
| Rannpháirtíocht | Tosaíonn an scoláire ag roinnt, ag glacadh sealanna, ag léiriú sásaimh sa ghníomhaíocht/imeacht foghlama, ag cur rogha in iúl. |
| Dúil | Tosaíonn an scoláire ag dúil le gníomhaíochtaí/imeachtaí foghlama a bhfuil taithí aige orthu. |
| Gníomh | Glacann an scoláire páirt, déanann sé comharthaí, déanann sé guthaíocht i dtaca leis an ngníomhaíocht foghlama agus eile, ar bhealach atá cuí maidir le bealach cumarsáide an scoláire. |

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, lth. 16

# Réimsí Curaclaim & Modúil CFL2SSinsearach.

Oide

| | |
|---|---|
| Uimhearthacht | • 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 180 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Cumarsáid agus Litearthacht | • 4 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 240 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Cúram Pearsanta | • 1 mhodúl, 60 uair an chloig molta<br>• 60 uair an chloig thar 2 bhliain |
| Comhpháirteanna roghnacha | • 7 modúl, 60 uair an chloig molta<br>• 420 uair an chloig thar 2 bhliain |

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas Cláir lch.12

# Modúil Roghnacha Fhoilsithe Leibhéal 2

Oide

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sainspéis | Drámaíocht | Aire a thabhairt do mo thimpeallacht | Litríocht | Amharc-ealaín |
| Corpoideachas | Cócaireacht | Mo shaol, mo chuid airgeadais | Ullmhúchán don saol tar éis na scoile | Scileanna TF |
| | Ceol | Dearadh le haghaidh maireachtáil inbhuanaithe | An t-am atá thart i m'áit | |

7 Thar dhá bhliain

60 uair an chloig molta

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas Cláir lch. 12

# Comhairliúchán ar Mhodúil Roghnacha na Sraithe Sinsearaí

Oide

# Leibheal 2 An Contanam Dul chun Cinn

Oide


## Leibhéal 2 An Contanam Dul chun Cinn

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht | Tá an scoláire ag céim shealbhaithe ina bhfuil sé ag tosú ar rannpháirtíocht a léiriú leis an toradh foghlama/na torthaí foghlama. |
| Ardrannpháirtíocht | Trí athdhéanamh agus tacaíocht, is féidir leis an scoláire an toradh foghlama a bhaint amach. |
| Cumas | Is féidir leis an scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach go neamhspleách roinnt uaireanta. |
| Ardchumas | Coimeádann an scoláire a leibhéal gnóthachtála leis na torthaí foghlama. Is féidir leis na torthaí foghlama a bhaint amach fiú i ndiaidh sosa nó athraithe. |
| Inniúlacht | Is féidir leis an scoláire a chuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna agus cásanna éagsúla, le spreagthaí agus daoine éagsúla. |
| Ardinniúlacht | Cuirfidh an scoláire an fhoghlaim a thagann ó thorthaí foghlama in oiriúint le tuiscint a fhorbairt nó fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna agus cásanna nua. |

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, lth. 17

# Cur i bhfeidhm

Oide




Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí CNCM: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Ráiteas an Chláir lch.14

# Am Lón

Oide



# Príomhfhoghlaim

Oide

- **Iniúchadh a dhéanamh ar mhodúil roghnacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tSraith Sinsearach agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad próifíl(í) foghlama do scoláire/ scoláirí agus comhthéacs do scoile.**




- Ár dtuiscint a neartú ar Mhodúil Chúram Pearsanta CFL1SSóis. agus CFL2SSóis.

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Breithnithe maidir le Comhpháirteanna Roghnacha





# Comhpháirteanna Roghnacha a Iniúchadh

Oide

Caith 5 nóiméad ag iniúchadh tuairiscín an mhodúil don mhodúl roghnach atá roghnaithe agat.

Trí chomhoibriú agus díospóireacht, sainaithin an phríomhfhoghlaim agus eispéiris fhéideartha scoláirí i do rogha modúl roghnach.

Mol suíomhanna féideartha i do scoil inar féidir le scoláirí tabhairt faoin mhodúl roghnach seo.





# Foghlaim chomhroinnte

1. Cén phríomhfhoghlaim a d'aithin tú laistigh den chlár roghnach?

2. Conas is féidir leis an rogha seo freastal ar láidreachtaí agus ar riachtanais aitheanta do scoláire/ scoláirí?

3. Conas a d'aithin tú na suíomhanna féideartha don fhoghlaim?

4. Aon tuairimí eile?



# Príomhfhoghlaim

Oide

- Modúil roghnacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí a iniúchadh agus an chaoi a gcomhlíonann siad próifíl(í) foghlama do scoláire/do chuid scoláirí agus comhthéacs do scoile.

- **Ár dtuiscint ar Mhodúil Chúram Phearsanta CFL1SSin. agus CFL2SSin. a fhorbairt.**



# Cúram Pearsanta na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

- Forbraíonn sé eolas, scileanna, luachanna d'fholláine fhisiciúil, mhothúchánach agus shóisialta
- Tacaíonn sé le haistrithe go dtí an aosacht agus le seirbhísí do dhaoine fásta
- Leagann sé béim ar straitéisí déileála agus ar iompar lorgtha cabhrach
- Ailíníonn sé le riachtanais OSPS



# Oideachas gnéasach agus an dlí

Deir Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas go bhfuil sé de cheart ag gach duine seirbhísí sláinte gnéis agus cláir oideachais a fháil.

Ní mór d'oideachasóirí a bheith ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil a chuireann bonn eolais faoi oideachas caidrimh agus gnéasachta. Sainmhínítear toiliú san Acht um Chionta Gnéasacha an Dlí Coiriúil 2017.


Díríonn Alt 21 ar 'ghníomhartha gnéis le daoine cosanta' agus is ionann 'duine cosanta' agus duine nach bhfuil an cumas aige toiliú le gníomh gnéis;

Dá réir sin, níl duine den sórt sin ábalta —

(a) cineál an ghnímh sin, ná iarmhairtí an ghnímh sin is intuartha le réasún, a thuiscint

(b) faisnéis ábhartha a mheas chun a chinneadh cé acu a thoileoidh nó nach dtoileoidh siad don ghníomh sin, ná


(c) a t(h)oiliú i leith an ghnímh sin a chur in iúl trí chaint, trí teanga chomharthaíochta nó ar shlí eile.



# Cúram Pearsanta Leibhéal 1

Oide

| Modúl | |
|---|---|
| Modúl 1 | • Féinfheasacht agus féinchúram |
| Modúl 2 | • Ceangal liom féin agus le daoine eile |
| Modúl 3 | • Aire a thabhairt dom féin |


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Cúram Pearsanta
Réimse Curaclaim

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

60 uair an chloig molta

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Modúl 1 Leibhéal 1: Féinfheasacht agus féinchúram

Oide

- **Topaicí:** Feasacht choirp, sláinteachas, éadaí, príobháideachas
- **Scileanna:** Spriocanna a shocrú, gnáthaimh sláinteachais, féinbhainistíocht
- **Fócas:** Athruithe coirp a thuiscint, iompar cuí




# Modúl 1 Leibhéal 1: Féinfheasacht agus féinchúram

## Féinfheasacht agus féiniúlacht




## Feasacht choirp agus forbairt fhisiciúil




# Modúl 1 Leibhéal 1: Féinfheasacht agus féinchúram

## Ag fás aníos agus forbairt ghnéasach




## Sábháilteacht phearsanta agus teorainneacha



# Modúl 1 Leibhéal 1: Féinfheasacht agus féinchúram

## Eagrú pearsanta agus neamhspleáchas




Cén chaoi a n-ailíníonn na torthaí foghlama sa mhodúl seo le do chleachtas reatha?

## Cúram pearsanta agus sláinteachas




# Modúl 2 Leibhéal 1: Ceangal liom féin agus le daoine eile

- Topaicí: Cumarsáid, idirghníomhaíochtaí sóisialta, mothúcháin
- Scileanna: Sealaíocht, caidreamh a fhorbairt, ionbhá
- Fócas: Teorainneacha, rialáil mhothúchánach, straitéisí déileála



# Modúl 2 CFL1SSin.: Ceangal liom féin agus le daoine eile

**Feasacht shóisialta agus idirghníomhaíocht**



An féidir leis na torthaí foghlama seo aghaidh a thabhairt ar roinnt riachtanais foghlama tosaíochta do scoláirí?

**Caidrimh agus muintearas**



# Modúl 2 Leibhéal 1: Ceangal liom féin agus le daoine eile

Oide

**Teorainneacha pearsanta agus cumarsáid**



**Feasacht mhothúchánach agus ionbhá**



**Féinrialú agus déileáil le deacrachtaí**



# Modúl 3 Leibhéal 1: Aire a thabhairt dom féin

Oide

- **Topaicí:** Sábháilteacht sa bhaile/scoil/phobal
- **Scileanna:** Contúirt a aithint, cabhair a lorg, scileanna diúltaithe a chur i bhfeidhm
- **Fócas:** Toiliú, cásanna sábháilte/neamhshábháilte a aithint



# Modúl 3 Leibhéal 1: Aire a thabhairt dom féin

Oide

## Gnáthaimh agus struchtúr laethúil



## Sábháilteacht sláinte agus timpeallachta



Cad iad na huirlisí nó na gnáthaimh phraiticiúla a úsáideann tú chun na torthaí seo a threisiú?

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Modúl 3 Leibhéal 1: Aire a thabhairt dom féin

## Feasacht agus scileanna sábháilteachta




## Cead, toiliú, agus teorainneacha






# Modúl 3 Leibhéal 1: Aire a thabhairt dom féin

Oide

## Cumarsáid agus lorg cabhrach



## Freagairt éigeandála agus sábháilteacht phearsanta




# Leibhéal 2: Cúram Pearsanta

Oide

**Modúl 1**

- Cúram Pearsanta




60 uair an chloig molta

# Modúl 1 Leibhéal 2: Cúram Pearsanta

Oide

- **Topaicí:** sláinteachas, idirghníomhaíochtaí sóisialta, mothúcháin, tionchar piaraí, caidreamh, sláinte ghnéasach, agus toiliú


- **Scileanna:** Féinfheasacht, feasacht shóisialta, féinbhainistíocht, scileanna caidrimh agus scileanna cinnteoireachta

- **Fócas:** Maireachtáil neamhspleách, toiliú, cásanna sábháilte /neamhshábháilte a aithint



# Modúl 1 Leibhéal 2: Cúram Pearsanta

## Sláinte, folláine, agus saol laethúil




## Idirghníomhaíocht shóisialta agus cumarsáid



# Modúl 1 Leibhéal 2: Cúram pearsanta

Oide

## Feasacht agus rialú mothúchánach




## Tionchar piaraí agus sábháilteacht




# Modúl 1 Leibhéal 2: Cúram pearsanta

## Féiniúlacht agus caidreamh






## Sláinte ghnéasach agus toiliú



# Modúl 1 Leibhéal 2: Cúram pearsanta

Oide

**Cinnteoireacht agus bainistiú riosca**



**Comhionannas agus cuimsiú**



**Tacaíochtaí agus seirbhísí sláinte**



# Riachtanais Foghlama Tosaíochta

Oide



I do ghrúpa, léigh an scéal os ard agus smaoinigh ar do scoláire

Sainaithin an riachtanas foghlama tosaíochta do do scoláire.

Roghnaigh dhá thoradh foghlama ar a laghad ó réimse Chúram Pearsanta an churaclaim a thabharfadh aghaidh ar an riachtanas foghlama tosaíochta

Straitéis nó acmhainn a roghnú a d'fhéadfadh a úsáid chun na torthaí foghlama a roghnaigh tú a theagasc.

Suíomhanna cuí a mholadh don fhoghlaim seo.



# Foghlaim chomhroinnte

Oide

1. Cén chaoi ar thug tú tús áite do riachtanais foghlama an scoláire?

2. An féidir leat tuilleadh torthaí foghlama a aithint chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas?

3. An ndearna tú iniúchadh ar straitéisí nó ar acmhainní malartacha don scoláire seo?


4. Conas a d'aithin tú an suíomh is oiriúnaí dá gcuid foghlama?



# Machnamh Pearsanta

Oide

- Tóg roinnt ama chun smaoineamh ar rud a d’fhoghlaim tú féin go pearsanta ón lá inniu.
- Cad é is mó ar chuir tú sonrú ann? Cad é a d'fhoghlaim tú?
- Cad é rud amháin a d’fhéadfá a chur i bhfeidhm?


TAKE AWAY CARD

A quick-reflection tool for your professional learning

Topic / Focus Area:


Key Ideas / Insights
(What stood out to you? What did you learn?):


Try It Tomorrow
(What is one thing you’ll implement in your classroom?):


Reflection Prompt
(After trying it: What happened? What would you keep, tweak, or rethink?):


Take this card with you as a takeaway from today’s session!

# Tacaíochtaí agus Achmhainní







# Tacaíochtaí agus Achmhainní

Oide




An Roinn Oideachais
Department of Education
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

wellbeing in education

Catalogue of Wellbeing Resources for Post Primary Schools

Updated August 2024




An Roinn Oideachais
Department of Education
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

wellbeing in education

Catalogue of Wellbeing Resources for Primary Schools

Updated August 2024



Health and Wellbeing

How can we help you?

HSE Talking Health and Wellbeing Podcast | About Us | Our Priority Programmes | Healthy Ireland | Exercise Videos | More

HSE.ie > Health and Wellbeing > HSE Education Programme

## HSE Education Programme

The HSE Education Programme supports teachers to promote Wellbeing in schools. We ... ort teachers in ... oth primary and

In this section

> Resources for Primary School Teachers



## Uirlisí úsáide OSPS/OCG

Tá na huirlisí úsáide seo á bhforbairt chun tacú le múinteoirí atá ag plé leis an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar ghné den churaclam OSPS reatha. Is é is aidhm dóibh tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun ranganna OSPS/OCG a ullmhú agus a theagasc. Tá siad roinnte ina dtrí chuid: Ag Ullmhú don Teagasc, OSPS/OCG a Theagasc agus Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG.

Is féidir teacht ar critéir maidir le rogha acmhainní anseo. Ba cheart gach acmhainn a mheas i dtaobh riachtanais agus spéiseanna ar leith na bpáistí agus a dtuismitheoirí, an phobail scoile níos leithne agus bheartas OSPS agus OCG na scoile.

Chun tús a chur leis, b'fhéidir go mbeadh an doiciméad seo cabhrach duit:

Eolas Ginearálta ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil ar an rannán sna huirlisí úsáide thíos.

- Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG
- Ag Ullmhú don Teagasc
- OSPS/OCG a Theagasc

# Uirlisí úsáide OSPS/OCG

Tá na huirlisí úsáide seo á bhforbairt chun tacú le múinteoirí atá ag plé leis an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar ghné den churaclam OSPS reatha. Is é is aidhm dóibh tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun ranganna OSPS/OCG a ullmhú agus a theagasc. Tá siad roinnte ina dtrí chuid: Ag Ullmhú don Teagasc, OSPS/OCG a Theagasc agus Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG.

Is féidir teacht ar critéir maidir le rogha acmhainní anseo. Ba cheart gach acmhainn a mheas i dtaobh riachtanais agus spéiseanna ar leith na bpáistí agus a dtuismitheoirí, an phobail scoile níos leithne agus bheartas OSPS agus OCG na scoile.

Chun tús a chur leis, b'fhéidir go mbeadh an doiciméad seo cabhrach duit:

Eolas Ginearálta ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil ar an rannán sna huirlisí úsáide thíos.

- Acmhainní lena n-úsáid i dTeagasc OSPS/OCG
- Ag Ullmhú don Teagasc
- OSPS/OCG a Theagasc

Oide

## Catalóg Acmhainní do Bhunscoileanna





Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tacaíochtaí agus Achmhainní

Oide













webwise.ie

# Tacaíochtaí agus Achmhainní

Oide




webwise.ie

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Go raibh maith agaibh

CC BY NC